



PREASEISIÚINT Uimh. 173/24

Lucsburg, 4 Deireadh Fómhair 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCásanna Uamtha C-541/20 go C-555/20 | An Liotuáin agus eile v. an Pharlaimint agus an Chomhairle (Pacáiste soghluaisteachta)

Den chuid is mó, deimhníonn an Chúirt bailíocht an Phacáiste Soghluaisteachta

Mar sin féin, cuirtear ar neamhní leis an bpacáiste an oibleagáid feithiclí a thabhairt ar ais chuig lárionad oibríochtúil an ghnóthais iompair gach ocht seachtaine, ós rud é nár shuigh reachtas an Aontais go raibh dóthain faisnéise aige chun a chur ar a chumas comhréireacht an bhirt sin a mheas.

Chuir an Liotuáin, an Bhulgáir, an Rómáin, an Chipir, an Ungáir, Málta agus an Pholainn ¹ caingne le haghaidh neamhniú i gcoinne an Phacáiste soghluaisteachta faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais i gcoinne an Phacáiste soghluaisteachta ², a ghlac reachtas an Aontais, eadhon an Pharlaimint agus an Chomhairle ³ in 2020.

Cuireann na Ballstáit sin in aghaidh an mhéid seo a leanas go háirithe:

- an toirmeasc ar thiománaithe a dtréimhsí sosa sheachtainiúla rialta ⁴ nó cúitimh ⁵ a ghlacadh ina bhfeithiclí; ⁶
- an oibleagáid ar ghnóthais iompair obair a dtiománaithe a eagrú sa chaoi gur féidir leo filleadh, le linn am oibre ⁷, gach trí nó ceithre seachtaine ⁸ ar ionad oibríochtúil an ghnóthais nó ar a áit chónaithe, chun a dtréimhse sosa sheachtainiúil rialta nó chúitimh a thosú nó a chaitheamh ann;
- dáta theacht i bhfeidhm na hoibleagáide tacagraif chliste den dara glúin a shuiteáil a thabhairt ar aghaidh ⁹ agus, go ginearálta, dáta theacht i bhfeidhm an toirmisc agus na hoibleagáide thuasluaite a shocrú;
- an oibleagáid atá ann feithiclí a úsáidtear le haghaidh iompar idirnáisiúnta filleadh ar ionad oibríochtúil i mBallstát bunaíochta an ghnóthais iompair lena mbaineann gach ocht seachtaine;
- an tréimhse mharana ceithre lá nach gceadaítear le linn na tréimhse sin, tar éis timthriall cabatáiste ¹⁰ i mBallstát óstach, do tharlóirí (neamhchónaitheacha) oibríochtaí cabatáiste a dhéanamh leis an bhfeithicil chéanna sa Bhallstát céanna;
- aicmiú na dtiománaithe mar ‘oibrithe ar postú’, agus oibríochtaí cabatáiste, oibríochtaí iompair ó Bhallstát amháin go Ballstát eile á ndéanamh acu, nach é Ballstát bunaíochta an ghnóthais iompair (‘oibríochtaí trastrádála’ mar a thugtar orthu) ¹¹ nó oibríochtaí iompair chomhcheangailte áirithe ¹² aon cheann acu, ionas go mbainfidh siad tairbhe as na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta, go háirithe maidir le luach saothair, atá i bhfeidhm sa Bhallstát óstach ¹³.

Lena breithiúnas a tugadh inniu, déanann an Chúirt na caingne a dhíbhe, ach amháin a mhéid atá siad dírithe i gcoinne na hoibleagáide maidir le feithiclí a thabhairt ar ais, oibleagáid a chuir sí ar neamhní ¹⁴. Níor shuigh an Pharlaimint ná an Chomhairle, tráth a glacadh an beart sin, go raibh faisnéis leordhóthanach acu chun a chur ar a gcumas measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an bhirt sin.

Don chuid eile, diúltaíonn an Chúirt d'argóintí na Ballstáit is iarrthóir a bhaineann go háirithe le prionsabail na comhréireachta, na cóire comhionainne agus na neamh-idirdhealaithe, an comhbheartas iompair, an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, an tsaoirse bunaíochta, an tsaorghluaiseacht earraí, prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus chosaint an ionchais dhliteanaigh agus chosaint an chomhshaoil. Measann an Chúirt nach **ndeachaigh reachtas an Aontais go follasach thar a lánrogha leathan san ábhar seo**.

Sonraíonn an Chúirt go bhfuil an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar i réimse an iompair faoi réir córas ar leith. **Tá sé de cheart ag gnóthais iompair seirbhísí a sholáthar gan bhac ach amháin a mhéid a thugtar an ceart sin dóibh le bearta arna nglacadh ag reachtas an Aontais, amhail bearta a thagann faoi raon feidhme an Phacáiste soghluaisteachta**. Ina theannta sin, ní chuirtear cosc ar ghnóthais iompair leis an bpacáiste beart an tsaoirse bunaíochta a fheidhmiú trí fhochuideachtaí a chur ar bun sna Ballstáit ina bhfuil sé ar intinn acu seirbhísí iompair a sholáthar agus mar sin iad féin a bhunú níos giorra d'éileamh a seirbhísí.

Chinn an Chúirt freisin, leis an bPacáiste soghluaisteachta, go ndearna reachtas an Aontais iarracht cothromaíocht nua a áirithiú idir na leasanna éagsúla lena mbaineann, eadhon, go háirithe, leas na dtiománaithe tairbhe a bhaint as dálaí oibre sóisialta níos fearr agus leas na bhfostóirí a ngníomhaíochtaí iompair a dhéanamh faoi dhálaí cothroma tráchtála. Dá bhrí sin, ní mór don earnáil iompair de bhóthar éirí níos sábháilte, níos éifeachtúla agus níos freagraí ó thaobh na sochaí de.

Bhí reachtas an Aontais i dteideal a mheas, i bhfianaise na hath-chothromaíochta riachtanaí sin, **go bhféadfadh méadú ar na costais arna dtabhú ag gnóthais iompair** áirithe a bheith mar thoradh ar chosaint shóisialta níos fearr do thiománaithe. Tá na rialacha a glacadh chuige sin i gcomhréir leis an gcuspóir a shaothraítear. Ina theannta sin, tá feidhm acu gan idirdhealú ar fud an Aontais agus ní dhéantar idirdhealú leo i leith gnóthais arna mbunú i mBallstáit atá lonnaithe 'ar imeall an Aontais'. Má tá tionchar níos mó ag na rialacha ar ghnóthais áirithe, an chúis atá leis sin ná gur roghnaigh siad múnla oibríochta eacnamaíoch lena soláthraítear an chuid is mó de na seirbhísí, nó na seirbhísí go léir, fiú, do dhaoine atá bunaithe i mBallstáit i bhfad óna mBallstát bunaíochta.

Maidir leis **an toirmeasc ar an sos seachtainiúil rialta nó cúitimh a ghlacadh san fheithicil, ní toirmeasc nua é sin**, ach ba thoradh é cheana féin ar an reachtaíocht níos luaithe mar a léirigh an Chúirt í ¹⁵.

Maidir leis an oibleagáid ar ghnóthais iompair a cheadú do thiománaithe filleadh go rialta ar ionad oibríochta an ghnóthais nó ar a n-áit chónaithe chun tús a chur leis an tréimhse sosa sheachtainiúil nó chúitimh nó tús a chur leis an gcéanna, ní chuirtear cosc leis sin ar thiománaithe rogha a dhéanamh iad féin cibé áit ar mhaith leo an tréimhse sosa a chaitheamh. Ina theannta sin, féadfaidh gnóthais an filleadh sin a chur le filleadh na bhfeithiclí chuig a n-ionad oibríochta mar chuid dá ngnáth-ghníomhaíochtaí nó an filleadh a eagrú trí iompar poiblí, ionas nach mbeidh iarmhairtí diúltacha ag an oibleagáid sin ar an gcomhshaol.

Maidir leis na **rialacha i leith postú**, chuir reachtas an Aontais san áireamh, le haghaidh gach cineáil oibríochta iompair bóthair, an nasc idir na seirbhísí arna soláthar agus an Ballstát óstach nó an Ballstát bunaíocht, chun cothromaíocht chóir a bhaint amach idir na leasanna éagsúla i dtrácht. Níor leasaíodh na rialacha sin maidir le hoibríochtaí cabatáiste leis an bPacáiste soghluaisteachta agus is rialacha díorthaithe iad cheana, go bunúsach, ón gcreat rialála roimhe seo i ndáil le hoibríochtaí 'trastrádála'.

Ar deireadh, tugann an Chúirt faoi deara, leis an bPacáiste soghluaisteachta, gur bhain reachtas an Aontais cothromaíocht nua amach freisin agus leasanna na ngnóthas iompair éagsúil á gcur san áireamh trí na deacrachtaí a tháinig chun cinn le cur i bhfeidhm Rialachán Uimh. 1072/2009 ¹⁶ a réiteach mar gheall ar chleachtais atá contrártha do chineál sealadach **na n-oibríochtaí cabatáiste**.

Mar sin, maidir leis **an tréimhse feitheamh** le haghaidh cabatáiste, sonraíonn an Chúirt go bhfuil an tréimhse sin beartaithe, i gcomhréir leis an gcuspóir a saothraíodh leis an reachtaíocht roimhe seo, chun a áirithiú nach ndéantar oibríochtaí cabatáiste ar bhealach lena gcruthófaí gníomhaíocht bhun nó leanúnach sa Bhallstát óstach. Tá an tréimhse sin srianta go hoibríochtaí cabatáiste a thoirmeasc sa Bhallstát óstach céanna le linn na tréimhse sin, ach ní chuirtear cosc ar oibríochtaí iompair eile, amhail oibríochtaí iompair idirnáisiúnta, go dtí an Ballstát bunaíochta nó

go dtí Ballstáit eile, agus as a leantar, de réir mar a bheidh, oibríochtaí cabatáiste sna Ballstáit eile sin.

NÓTA: Le caingean le haghaidh neamhniú, iarrtar go gcuirfí ar neamhní gníomhartha institiúidí an Aontais Eorpaigh atá contrártha do dhlí an Aontais. Faoi choinníollacha áirithe, féadfaidh na Ballstáit, na hinstiúidí Eorpacha agus daoine aonair caingean le haghaidh neamhniú a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta. I gcás ina bhfuil bunús maith leis an gcaingean, cuirfear an gníomh ar neamhní. Ní mór don institiúid lena mbaineann aon fholús dlíthiúil a chruthaítear le neamhniú an ghnímh a réiteach.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "[Europe by Satellite](#)" ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Thacaigh an Bheilg, an Eastóin agus an Laitvia le ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit sin os comhair na Cúirte.

² Sa Phacáiste sin tá, go háirithe, 1) [Rialachán \(AE\) 2020/1054](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann suíomh le tacagraif, 2) [Rialachán \(AE\) 2020/1055](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, (CE) Uimh. 1072/2009 agus (AE) Uimh. 1024/2012 chun go n-oiriúnófar iad d'fhorbairtí in earnáil an iompair de bhóthar agus 3) [Treoir \(AE\) 2020/1057](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar agus lena leasaítear Treoir 2006/22/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais forfheidhmithe agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012.

³ Thacaigh an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Fhrainc, an Iodáil, an Ísiltír, an Ostair agus an tSualainn leis an bParlaimint agus/nó leis an gComhairle os comhair na Cúirte.

⁴ 45 uair an chloig ar a laghad.

⁵ Is é sin le rá, níos mó ná 45 uair an chloig a ghlactar mar chúiteamh ar thréimhsí sosa arna n-íslú roimhe seo. (123) Ceadáítear go fóill sosanna a ghlacadh agus tréimhsí sosa laghdaithe laethúla (ar a laghad 9 n-uair an chloig) agus seachtainiúla (níos lú ná 45 uair an chloig, ach 24 uair an chloig ar a laghad) a ghlacadh san fheithicil.

⁶ Ní mór na tréimhsí sosa sin a ghlacadh i lóistín atá oiriúnach le haghaidh ban agus fear araon agus ina bhfuil áiseanna codalta agus sláintíochta. Ní mór don fhostóir na costais lena mbaineann a íoc.

⁷ Ní mór don ghnóthas iompair, i bprionsabal, filleadh an tiománaí a eagrú ar a chostas féin, ach amháin má roghnaíonn an tiománaí gan filleadh.

⁸ Laghdaítear an tréimhse ceithre seachtaine go trí seachtaine más rud é gur thóg an tiománaí dhá thréimhse laghdaithe sosa sheachtainiúla as a chéile roimhe seo.

⁹ De naoi mbliana, nó naoi mbliana go leith, ag brath ar thacagraif san fheithicil.

¹⁰ Is éard is oibríocht chabataíste ná iompar a dhéanann tarlóir laistigh de Bhallstát nach bhfuil bunaithe sa Bhallstát sin. Ceadáítear iompar den sórt sin ach amháin mura ndéantar é ar bhealach lena gcruthaítear gníomhaíocht bhuan nó leanúnach sa Bhallstát sin.

¹¹ Meastar gur oibrí ar postú aon tiománaí a dhéanann oibríocht trastrádála den chineál sin, de bharr go bhfuil nasc leordhóthanach ag an tiománaí agus an oibríocht le críoch an Bhallstáit óstaigh.

¹² Is é sin le rá, iompar earraí idir Ballstáit i gcás go n-úsáideann an leoraí nó aon mhodh iompair earraí eile a bhaineann leis an leoraí an bóthar le haghaidh thúis nó dheireadh an turais agus, don chuid eile, iarnróid, uiscí intíre nó bealaí ar muir. Ní mheastar go bhfuil oibrí ar postú má dhéanann sé tús nó deireadh na céime bóthair den turas d'oibríocht iompair chomhcheangailte más rud gurb ionann an chéim bhóthair sin, ina haonair, agus oibríochtaí iompair dhéthaobhaigh. Sa chás sin, tá dlúthnasc le cineál na seirbhíse arna soláthar le linn an turais agus an Ballstát bunaíochta.

¹³ Os a choinne sin, maidir le tiománaithe a dhéanann oibríochtaí iomair dhéthaobhaigh (idir an Ballstát bunaíochta agus Ballstát eile) d'earraí nó paisinéirí, nó oibríochtaí idirthurais ina dtéann an tiománaí thar chríoch Bhallstáit, i bprionsabal gan earraí a luchtú nó a dhíluchtú agus gan paisinéirí a bhailiú nó a scaoileadh, ní mheastar gur oibrí ar postú na tiománaithe sin.

¹⁴ Le bheith níos cruinne, chuir an Chúirt Airteagal 1(3) de Rialachán 2020/1555, lena bhforáiltear don oibleagáid sin, ar neamhní.

¹⁵ Breithiúnas na Cúirte an 20 Nollaig 2017, *Vaditrans*, [C-102/16](#) (féach freisin preaseisiúint [Uimh. 145/17](#)).

¹⁶ [Rialachán \(CE\) Uimh. 1072/2009](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtain ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar.